

# **Roinn na Nua-Ghaeilge Ollscoil Mhá Nuad**



**Lámhleabhar an M.A. sa Nua-Ghaeilge**

**2018-2019**

# CLÁR

Réamhrá agus leagan amach an chúrsa	3
Amchlár an MA (2018-19)	7
Treoir do Mhodúil na Bliana 2018-19	8

## Réamhrá

Cuireann Roinn na Nua-Ghaeilge fáilte mhór romhat, is cuma más mac léinn a rinne do bhunchéim anseo tú nó má bhí tú ag freastal ar ollscoil eile roimh theacht anseo duit. Is mór againn gur roghnaigh tú Ollscoil Mhá Nuad, le tabhairt faoi do chuid staidéir iarchéime agus tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh agus tairbhe as an tréimhse a chaithfidh tú linn.

## Aidhm

Is é aidhm an M.A. againn go gcuirfidh mic léinn eolas domhain ar roinnt gnéithe de theanga agus de litríocht na Nua-Ghaeilge (ó 1200 AD i leith) agus go mbeidh saineolas acu ar réimse amháin díobh sin de bharr a gcuid taighde. Tá sé mar aidhm leis an gcúrsa go bhfoghlaimeoidh siad modhanna taighde agus go bhforbrófar cumas critice agus anailíse iontu.

## Leagan amach an chúrsa:

Is faoin gcóras modúlach atá an cúrsa seo á thairiscint. Ar bhonn modúl agus creidiúintí atá an MA leagtha amach dá réir sin.

Is fiú **90** creidiúint an MA ina hiomláine. Ar mhodúil teagaisc atá **60** creidiúint díobh sin ag dul agus leis an miontráchtas a bhaineann an fuilleach (**30**).

**12** mhodúil teagaisc atá ann agus is fiú **5** chreidiúint gach modúl díobh sin. Tabharfar faoi **6** cinn díobh sin sa chéad seimeastar, agus faoi na **6** cinn eile sa dara seimeastar.

**Is modúil riachtanacha iad NG601, NG606, NG611 agus NG616.** De bhreis ar mhodúil na Nua-Ghaeilge sa chéad seimeastar, beidh modúl idirdhisciplíneach ar an aistriúchan, ID611, á thairiscint. Is féidir an modúl seo a dhéanamh mar rogha ar cheann ar bith de mhodúil na Nua-Ghaeilge **ach amháin NG601, NG606, NG611 nó NG616.**

Aonad neamhspleách is ea gach modúl agus baineann a chóras measúnaithe féin leis: scrúdú, móraiste, tionscnaimh, cur i láthair nó meascán de na modhanna measúnaithe seo. Tugtar eolas faoi mheasúnú sa chur síos ar na modúil a leanas.

## An cúrsa lánaimseartha

Déanfaidh tú iomlán na modúl i gcaitheamh na bliana maille leis an miontráchtas a scríobh. Ní mór an chéad dréacht den mhiontráchtas ina iomláine a bheith ag an stiúrthóir ar a laghad sé seachtaine roimh an spriocdháta, **27 Meán Fómhair 2019**. Féach: <http://www.maynoothuniversity.ie/exams/information-students>

## **An cúrsa páirtaimseartha**

Déanfaidh tú leath na modúl i gcaitheamh na chéad bhliana maille le taighde ar an tráchtas. Sa dara bliain, déanfaidh tú na modúil atá fágtha agus críochnóidh tú an tráchtas. Ní mór an chéad dréacht den mhiontráchtas ina iomláine a bheith ag an stiúrthóir ar a laghad sé seachtaine roimh an spriocdháta a shocrófar le haghaidh **Meán Fómhair 2020**. Féach:

<http://www.maynoothuniversity.ie/exams/information-students>

## **Freastal, réiteach agus rannpháirtíocht**

Beifear ag súil leis go mbeidh tú i láthair ag an ranganna/seimineáir uilig agus go mbeidh an réiteach cuí déanta agat lena n-aghaidh. Ina cheann sin, beifear ag súil leis go nglacfaidh tú páirt ghníomhach sa phlé agus sa díospóireacht ar cuid bhunúsach den chúrsa iad. Iarrfar ar mhic léinn cur i láthair a dhéanamh i gcuid de na modúil.

## **Rannpháirtíocht**

Is mar sheimineáir atá cuid mhaith de na cúrsaí seo á cur ar fáil. Fágann sin go mbeifear ag súil le rannpháirtíocht ó na mic léinn. Beifear ag súil leis go mbeidh léitheoireacht fhairsing déanta acu ar ábhar na gcúrsaí éagsúla agus go mbeidh fianaise ar an léitheoireacht sin le feiceáil ina gcuid oibre i gcaitheamh na bliana mar aon lena rannpháirtíocht sa rang.

## **Miontráchtas**

Tráchtas 15,000-20,000 focal a scríobhfaidh an mac léinn. Roghnófar ábhar an tráchtais i gcomhpháirt le ball de Roinn na Nua-Ghaeilge a bheidh mar stiúrthóir pearsanta ar an obair. Ní mór don stiúrthóir a bheith sásta go bhfuil na scileanna cuí ag an mac léinn le tabhairt faoi ábhar an tráchtais. Ar shocrú ar ábhar feiliúnach dóibh, beidh cruinnithe rialta ag an mac léinn agus ag an stiúrthóir le dul chun cinn na hoibre a mheas. Beifear ag súil le caighdeán ard acadúil ó thaobh teanga, leagain amach, tagairtí agus plé sa saothar seo.

**Ní mór ábhar an mhiontráchtais a bheith socraithe ag an mac léinn faoi 1 Samhain 2018 agus é sin deimhnithe leis an stiúrthóir pearsanta agus le hOllamh na Nua-Ghaeilge.**

I measc na n-ábhar ar scríobh mic léinn tráchtais orthu le blianta beaga anuas tá: An Nuafhilíocht, An Fhiannaíocht, Logainmneacha, An Drámaíocht, An Gearrscéal, an tÚrscéal, An Nua-Ghaeilge Mhoch (filíocht agus próis), Filíocht na hOchtú Aoise Déag, An Iriseoireacht, Béaloideas, Curaclam na Gaeilge.

## **Ábhar a chur faoi bhráid na Roinne:**

Saothair acadúla ar leibhéal iarchéime atá sna saothair uilig a chuirfidh mic léinn na céime MA faoi bhráid na Roinne. Is den mhórthábhacht go gcuirfí na saothair seo i láthair go slachtmhar, go háirithe ó thaobh na teanga agus an leagain amach, go mbeadh córas ceart tagairtí in úsáid agus go mbeadh an córas sin de réir a chéile. **Beifear ag súil leis go mbeidh an Ghaeilge scríofa ar chaighdeán iarchéime.** Meabhraítear do mhic léinn nach nglacfar le hobair nach bhfuil ar an gcaighdeán sin agus nach mbeidh cead an miontráchtas a chur faoi bhráid na hOllscoile/ na scrúdaitheoirí sa chás go dtabharfadh an stiúrthóir pearsanta le fios nach bhfuil an caighdeán cuí bainte amach. **Chuirge sin ní mór toiliú scríofa an stiúrthóra pearsanta a fháil sula gcuirfear an tráchtas faoi bhráid na hOllscoile/ na scrúdaitheoirí.**

## **Bradaíl**

Tá polasaí láidir ag an Ollscoil i gcoinne na bradaíola (*plagiarism*). Moltar do mhic léinn na Roinne iad féin a chur ar an eolas faoin bpolasaí seo agus gan aon obair nach leo féin go hiomlán í a chur faoi bhráid na Roinne. Má tá amhras ar mhac léinn ina thaobh seo, féadfaidh sé/sí labhairt lena stiúrthóir pearsanta nó le teagascóir an

mhodúil chuí. Is féidir teacht ar pholasaí na hOllscoile i leith na bradaíola faoin mír ‘Plagiarism’ ag an seoladh Ollscoile seo a leanas :

<https://www.maynoothuniversity.ie/university-policies/rules-regulations-students>

## **An Dioplóma Iarchéime sa Nua-Ghaeilge**

Sa chás go mbeadh pas faighte ag mac léinn i scrúduithe an chúrsa ach nach éireodh léi/leis an tráchtas a chríochnú go sásúil, féadfar Dioplóma Iarchéime sa Nua-Ghaeilge a bhronnadh ar an mac léinn sin.

## **Imeachtaí Acadúla**

Taobh amuigh de na léachtaí, de na seimineáir agus de léachtaí ócáidiúla a bheas ar siúl ó am go chéile, moltar do mhic léinn freastal ar na hócáidí taighde agus litríochta a bhíonn ar siúl i gcaitheamh na bliana. Is bealach maith é seo leis an eolas atá agat a fhairsingiú, le tuairimí eile a chloisteáil, agus le haithne a chur ar thaighdeoirí eile. I measc na n-imeachtaí sin, tá: *Léachtaí Cholm Cille* (Márta/Aibreán; Maigh Nuad), *An Chomhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na Gaeilge* (Deireadh Fómhair; Gaillimh), *An Tionól* (Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, Mí na Samhna), *An Chomhdháil ar Theangeolaíocht na Gaeilge* (ollscoil éagsúil gach bliain; Aibreán) agus *Cumann na Sgríbhheann nGaedhilge* (Mí na Samhna; Corcaigh).

## **Comhordaitheoir an MA**

Is é an tOllamh Fionntán de Brún comhordaitheoir ginearálta an MA. Sa chás go bhfuil aon cheist agat a bhaineann leis an MA, is cóir labhairt leis an Ollamh de Brún ina taobh.

# AMCHLÁR AN MA, 2018-19

## SEIMEASTAR 1

<b>Modúl</b>	<b>Ainm</b>	<b>Lá agus Am</b>	<b>Áit</b>	<b>Léachtóir</b>
<b>NG603</b>	An Nua-Ghaeilge Mhoch 2: F na Scol	Luan, 4.00	T4	Eoghan Ó Raghallaigh
<b>NG625</b>	An Ghaeilge agus na Meáin	Luan, 5.00	T4	Pádhraic Ó Ciardha
<b>ID611</b>	Approaches to Translation Studies	Céadaoin, 10.00	Seomra 60	Léachtóirí éagsúla
<b>NG601</b>	An Ghaeilge Scríofa 1	Céadaoin, 11.00	T4	Brian Ó Catháin
<b>NG621</b>	An Litríocht Chomhaimseartha 3	Céadaoin, 12.00	T4	Aisling Ní Dhonnchadha
<b>NG622</b>	Filíocht an Naou hAois Déag	Déardaoin, 4.00	T4	Fionntán de Brún
<b>NG606</b>	Modheolaíocht 1	Déardaoin, 5.00	T4	Eoghan Ó Raghallaigh

## SEIMEASTAR 2

<b>Modúl</b>	<b>Ainm</b>	<b>Am</b>	<b>Áit</b>	<b>Léachtóir</b>
<b>NG616</b>	Modheolaíocht 2	Luan 4.00	T4	Eoghan Ó Raghallaigh agus foireann na Roinne
<b>NG627</b>	An Scríbhneoireacht Ghairmiúil	Luan 5.00	T4	F de Brún, Liam Mac Cóil, Pádhraic Ó Ciardha
<b>NG611</b>	An Ghaeilge Scríofa 2	Céadaoin 11.00	T4	Brian Ó Catháin
<b>NG623</b>	Béaloideas na Gaeilge agus CBÉ	Déardaoin 4.00	T4	Fionntán de Brún
<b>NG609</b>	Ceird an Aistriúcháin	Déardaoin 5.00	T4	Tracey Ní Mhaonaigh

## MODÚIL EILE

**NG626** Eagrú agus Eagarthóireacht (Tracey Ní Mhaonaigh);  
**NG699** Thesis

## Treoir do Mhodúil na Bliana 2018-19

Gheofar gearrchuntas thíos ar ábhar agus ar riachtanais mhodúil na bliana seo. Is de réir ord uimhreach atá na modúil leagtha amach.

**NG601**    *An Ghaeilge Scríofa 1*

**5 ECTS**

**Comhordaitheoir:**                      An Dr Brian Ó Catháin

**Teagasc:**                                      10 rang x 50 nóiméad

**Measúnú:**                                      Scrúdú ollscoile: 70%  
Measúnú leanúnach: 30%

Is **modúl riachtanach** é seo a dhíríonn ar ghramadach agus ar chruinnscríobh na Gaeilge. Tabharfar chomh maith faoi roinnt aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge.

Téacsleabhar: *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (An Gúm, 1999). Ar fáil ag: [http://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2016/06/GGBC\\_19990-2.pdf](http://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2016/06/GGBC_19990-2.pdf)



**NG603**     *An Nua-Ghaeilge Mhoch 2: Filíocht na Scol*     **5 ECTS**

**Comhordaitheoir:**     Eoghan Ó Raghallaigh

**Teagasc:**     10 seimineár x 50 nóiméad

**Measúnú:**     Measúnú leanúnach 100% (scrúdú scríofa)

Déanfar grinnléamh ar théacs(anna) filíochta a bhaineann leis an tréimhse 1200-1650 ó thaobh teanga, meadarachta, ábhair agus stíle. Pléifear cúlra staire agus sóisialta na filíochta freisin. Ós mar sheimineáir a bheas an cúrsa seo á thabhairt, beifear ag súil leis go mbeidh an léitheoireacht agus an réiteach is gá déanta ag gach mac léinn le haghaidh gach seimineáir.

**Leabharliosta ginearálta:**

Bergin, O.J.: *Irish Bardic Poetry* (BÁC, 1970), Réamhaiste.

Breatnach, P.A.: ‘The Chief’s Poet’, *Proceedings of the Royal Irish Academy* Imleabhar 83C (1983), 37-79.

Breatnach, P.A.: *Téamaí Taighde Nua-Ghaeilge* (Maigh Nuad, 1997).

Caerwyn Williams, J.E. & Ní Mhuiríosa, M.: *Traidisiún liteartha na nGael* (BÁC 1979), Caibidil 5 (‘Saothar Fhilí na Scoileanna’).

Carney, James: *The Irish Bardic Poet* (BÁC, 1967).

Knott, Eleanor: *The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó hUiginn 1 & 2* (Londain, 1922 & 1926), Réamhrá.

Knott, Eleanor: *Irish Syllabic Poetry 1200-1600* (An Dara hEagrán, Athchló Ceartaithe 1957; Athchló, BÁC, 2005).

Knott, Eleanor: *Irish Classical Poetry* (BÁC, 1960).

McManus, Damian: ‘An Ghaeilge Chlasaiceach’ in K.McCone et al. (eag.), *Stair na Gaeilge* (Maigh Nuad, 1994).

McManus, Damian: ‘The bardic poet as teacher, student and critic: a context for the grammatical tracts’ in Cathal G. Ó Háinle & Donald E. Meek, *Unity in diversity: studies in Irish and Scottish Gaelic language, literature and history* (BÁC 2004), 97-123

Ní Dhomhnaill, Cáit: *Duanaireacht* (BÁC, 1975).

Ó Caithnia, L.P.: *Apalóga na bhFilí* (BÁC, 1984).

Ó Cuív, Brian: *The Irish Bardic Duanaire or ‘Poem Book’* (BÁC, 1974).

Ó Cuív, Brian: *The linguistic training of the mediaeval Irish poet* (BÁC 1974)

Ó Fiannachta, Pádraig: *An Dán Díreach. Léachtaí Cholm Cille* 24 (1994).

Simms, Katharine: *From Kings to Warlords* (Dover USA, 1987).

Simms, Katharine: *Medieval Gaelic Sources* (BÁC, 2009).

### **Foinsí leictreonacha:**

Bunachar Fhilíocht na Scol: <http://bardic.celt.dias.ie/>

Electronic Dictionary of the Irish Language: <http://dil.ie>

**NG606** *Modheolaíocht 1*

**5 ECTS**

**Comhordaitheoir:** Eoghan Ó Raghallaigh

**Teagasc:** 10 seimineár x 50 nóiméad

**Measúnú:** Measúnú leanúnach 100% (5 thasc scríofa, 20% an ceann)

Is **modúl riachtanach** é seo. Is éard is aidhm leis an gcúrsa seo go sealbhódh mic léinn scileanna riachtanacha acadúla i dtreo is go mbeidh siad inniúil ar thabhairt faoi thaighde as a gconlán féin. Chuige sin breathnófar ar chórais thagartha, ar leabharliostaí, ar fhoinsí, ar mhodhanna taighde, agus ar réimsí eile d’obair an taighdeora. Bunófar an measúnú leanúnach ar 5 thasc scríofa a bheidh le déanamh ag gach mac léinn. Réiteach tábhachtach atá sa chúrsa seo agus in **NG616** don mhiontráchtas a bheidh le scríobh ag gach mac léinn. Ar an ábhar sin, beifear ag súil leis go mbainfidh mic léinn leas as na scileanna a shealbhóidh siad le linn na ranganna seo ina gcuid tionscnamh agus aistí agus sa mhiontráchtas féin.

**NG609** *Ceird an Aistriúcháin*

**5 ECTS**

**Comhordaitheoir:** Tracey Ní Mhaonaigh

**Teagasc:** 10 Seimineár x 50 nóiméad

**Measúnú:** Measúnú Leanúnach: 100%

Sa chúrsa seo, breathnófar ar cheird (agus ar ealaíon) an aistritheora. Ó tugadh stádas oifigiúil mar theanga laethúil in Éirinn don Ghaeilge ag Acht na dTeangacha agus ag Aontas na hEorpa, tá éileamh mór ar sheirbhísí aistriúcháin, go háirithe ó Bhéarla go Gaeilge. Cuirfear béim, mar sin, ar an aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge agus ar an gcineál ábhair a iarrtar ar aistritheoir na linne seo a aistriú e.g. cáipéisí oifigiúla agus dlí, cáipéisí a bhaineann le gnó agus teicneolaíocht etc. Scrúdófar modhanna an aistritheora Gaeilge agus na háiseanna atá ar fáil dó/di mar aon lena mbuanna agus a laigí.

**NG611**    *An Ghaeilge Scríofa 2*

**5 ECTS**

**Comhordaitheoir:**      Brian Ó Catháin

**Teagasc:**                    10 rang x 50 nóiméad

**Measúnú:**                    Scrúdú 70%  
   Measúnú leanúnach 30%

Is **modúl riachtanach** é seo a dhíríonn ar ghramadach agus ar chruinnscríobh na Gaeilge. Tabharfar chomh maith faoi roinnt aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge.

Téacsleabhar: *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (An Gúm, 1999). Ar fáil ag: [http://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2016/06/GGBC\\_19990-2.pdf](http://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2016/06/GGBC_19990-2.pdf)

**NG616**    *Modheolaíocht 2*

**5 ECTS**

**Comhordaitheoir:**    Eoghan Ó Raghallaigh

**Teagasc:**    10 seimineár x 50 nóiméad

**Measúnú:**    Measúnú leanúnach 100% (3 thasc scríofa 50%, cur i láthair 50%)

Is é an aidhm atá leis an modúl seo tógáil ar na scileanna atá sealbhaithe in NG606. Leagfar béim ar leith ar an scríbhneoireacht acadúil ó thaobh stíle agus cur chuige de. Déanfar léamh, mionscagadh agus plé criticiúil ar roinnt téacsanna agus alt a bhaineann le réimsí éagsúla léinn. Bunófar an measúnú leanúnach (a) ar thrí thionscnamh scríofa agus (b) ar chur i láthair substaintiúil ar ábhar an tráchtais. Déanfar é seo i dtreo dheireadh Sheimeastar 2.

**NG621** *An Litríocht Chomhaimseartha 3*

**5 ECTS**

**Comhordaitheoir:** Aisling Ní Dhonnchadha

**Teagasc:** 10 seimineár X 50 nóiméad

**Measúnú:** Scrúdú 100%

Beidh iniúchadh á dhéanamh ar ról iriseoireacht chlóite na Gaeilge i spreagadh agus i gcothú na nualitríochta ó thús na fichiú haoise i leith. Féachfar, mar shampla, ar thábhacht *An Claidheamh Soluis* (1899-1932), *Comhar*, *Feasta*, agus an-chuid irisí liteartha eile a sholáthair pobal léitheoireachta mar aon le fóram plé agus díospóireachta do chriticeoirí agus scríbhneoirí na Gaeilge ó thréimhse na hAthbheochana i leith. Tráchtfar chomh maith ar na dúshláin a bhaineann leis na meáin chlóite i gcoitinne sa lá atá inniu ann. Déanfar grinnléitheoireacht ar ailt agus aistí éagsúla le linn an chúrsa.

Téacsleabhar: Ní Dhonnchadha, Aisling agus Uí Chollatáin, Regina (eag.), *Cnuasach Comhar 1982-2012: Ailt, Aistí, Agallaimh*, LeabhairCOMHAR, Baile Átha Cliath, 2014.

Soláthrófar téacsanna eile agus leabharliosta le linn an chúrsa.

**NG622: Filíocht an Naoú hAois Déag**

**5 ECTS**

<b>Comhordaitheoir</b>	Fionntán de Brún
<b>Teagasc:</b>	10 rang x 50 nóiméad
<b>Measúnú</b>	Measúnú leanúnach 100%
	Aiste 3,000 focal le déanamh i seachtain 12

Is é is aidhm don mhodúl seo filíocht Ghaeilge an 19ú haois a phlé d'fhonn léargas a fháil ar ghnéithe de shochaí na hÉireann sa 19ú haois. Ar na téamaí is mó a phléifear beidh:

- Seachadadh an traidisiúin agus an teacht aniar
- Filíocht pholaitiúil an 19ú haois
- Tráma an Drochshaoil
- An réabhlóid thionsclaíoch agus filíocht na n-imirceach
- Amhráin ghrá agus saol na ngnáthdhaoine

Beidh téacs/téacsanna ar leith le léamh gach seachtain agus iarrfar ort tús áite a thabhairt don léitheoireacht sheachtainiúil sin. Beidh na téacsanna le híoslódáil ó Moodle.

**Príomhfhoinsí**

Beckett, Colm, *Aodh Mac Domhnaill: Dánta* (An Clóchomhar, 1987)

Mac Giolla Domhnaigh, G. agus Stockman, G. eag., *Athchló Uladh* (Muineachán: Comhaltas Uladh, 1991).

Ní Shúilleabháin, Máire, *Amhráin Thomáis Rua* (An Sagart, 1985).

Ó Ceallaigh, Seán, *Filíocht na gCallanán* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1967).



Ó Coigligh, Ciarán, *Raiftearaí : amhráin agus dánta* (An Clóchomhar: 1987).

## Foinsí eile

Denvir, Gearóid, *Litríocht agus Pobal* (Cló Iar-Chonnachta, 1997)

Crowley, Tony, *The Politics of Language in Ireland 1366-1922* (London: Routledge, 2000).

de Brún, Fionntán, ‘ ‘Society in Ulster seems breaking up’: an tionsclú, an imirce agus pobal na Gaeilge sa naoú haois déag’ in F. de Brún and S. Mac Mathúna (eds) *Éigse Loch Lao 1: Teanga agus Litríocht na Gaeilge sa Naoú hAois Déag* (University of Ulster, 2012), lgh. 134-152.

de Brún, Fionntán ‘Aodh Mac Domhnaill: *tuisclint, cuimhne is toil shaor*’ in M. Ní Úrdail and C. Mac Giolla Léith ed., *Mo Ghnósa Leas an Dáin – Aistí in Ómós do Mháirtín Ó Direáin* (An Sagart 2014), lgh. 173-94.

de Brún, Fionntán, ‘Expressing the nineteenth century in Irish: the poetry of Aodh Mac Domhnaill (1802-67)’ in *New Hibernia Review* 15:1 (Earrach / Spring, 2011), 81–106.

Denvir, Gearóid, ‘Literature in Irish 1800-1890, from the Act of Union to the Gaelic League’ in Philip O’Leary and Margaret Kelleher (eag.), *The Cambridge History of Irish Literature Vol. 1* (Cambridge: Cambridge University Press, 2006), lgh. 544-98.

McManus, Henry, *Sketches of the Irish Highlands: Descriptive, Social and Religious* (London, 1863).

Ní Dhonnchadha, Eibhlín, *Tomás Ó Conchubhair agus a chuid Filidheachta* (Dublin: Oifig an tSoláthair, 1953).

Ní Úrdail, Méidhbín, ‘Máire Bhuí Ní Laoghaire: File an ‘Rilleadh Cainte’ ’in *Eighteenth-Century Ireland / Iris an dá chultúr*, Vol. 17 (2002), lgh. 146-156.

Ó Ceallaigh, Seán, *Filíocht na gCallanán* (Dublin: An Clóchomhar, 1967).

Ó Danachair, Liam, ‘Memories of my Youth’, *Béaloides* 17 (1947), lgh. 58-72.

Ó Donnchú, Donncha, *Filíocht Mháire Bhuidhe Ní Laoghaire* (Dublin: Oifig an tSoláthair, 1931).

Ó Drisceoil, Proinsias, *Seán Ó Dálaigh: Éigse agus Iomarbhá* (Cork: Cork University Press, 2007)

Ó hÓgáin, Dáithí, *Duanaire Osraíoch – Cnuasach d’Fhilíocht na nDaoine ó Cho. Chill Chainnigh* (Dublin: An Clóchomhar, 1980).

- Ó Murchú, Máirtín, 'Language and Society in Nineteenth Century Ireland' in Jenkins, G.H. ead., *Language and Community in the Nineteenth Century* (University of Wales, 1998), lgh. 341-68.
- Ó Tuathaigh, Gearóid, *I mBéal an Bháis/ The Great Famine and the Language Shift in Nineteenth-Century Ireland* (Quinnipiac: 2015).
- Whelan, Irene, *The Bible War in Ireland: the 'Second Reformation' and the Polarization of Protestant-Catholic Relations, 1800-1840* (Wisconsin: University of Wisconsin Press, 2005).
- Wolf, Nicholas, *An Irish-speaking Island – State, Religion, Community, and the Linguistic Landscape in Ireland, 1770-1870* (Wisconsin: University of Wisconsin Press, 2014).

**NG623** *Béaloideas na Gaeilge agus Coimisiún Béaloideas Éireann*

**5 ECTS**

**Comhordaitheoir:** Fionntán de Brún

**Teagasc:** 10 rang x 50 nóiméad

**Measúnú** Measúnú leanúnach 100%

Aiste 3,000 focal le déanamh i seachtain 12

Pléifear dála thraidisiún béaloidis na Gaeilge sa 20ú haois, na hiarrachtaí a rinneadh chun an traidisiún sin a chaomhnú agus an díospóireacht a spreag bunú Choimisiún Béaloideas Éireann. Déanfar caibidil ar na tuiscintí éagsúla a bhí acu siúd a bhí ag saothrú i ngort an bhéaloidis Éireannaigh sa 20ú haois agus déanfar luacháil ar an traidisiún lena raibh siad ag plé. Beidh aird ar leith againn ar obair Choimisiún Béaloideas Éireann (1935-71).

**Leabharliosta**

Aarne, A., agus Thompson, S., 1961 *The Types of the Folktale*, FFC 184. Helsinki: Academia Scientarium Fennica.

Almqvist, B.,

—1977: ‘The Irish Folklore Commission: Achievement and Legacy’, in *Béaloideas* 45/47: 6-26.

—1992. ‘Seosamh Ó Dálaigh, 1909-1992’. *Béaloideas*, 60/61.

—1996. ‘Michael J. Murphy (1913-1996)’. *Béaloideas*, 64/65: 362-5.

—2001. ‘James G. Delaney, 1916-2000’. *Béaloideas*, 69: 183-9.

Almqvist, B., Mac Cáthaigh, C., Mac Mathúna, L., Mac Mathúna, S., agus Watson, S., (eag.), *Atlantic Currents. Sruthanna an Aigéin Thiar: Aistí ar Sheanchas, ar*

*Litríocht agus ar Theanga. Aistí in onóir do Shéamas Ó Catháin*, Baile Átha Cliath: UCD Press.

Briody, M.,

—2005. ‘The collectors’ diaries of the Irish Folklore Commission, a complex genesis’, in *Sinsear* 9: 27-45.

—2007. *The Irish Folklore Commission 1935-1970: history, ideology, methodology*, Helsinki: Finnish Literature Society.

—2009. ‘Is Fearr an tAighneas ná an tUaigneas’: Máirtín Ó Cadhain agus Bailiú an Bhéaloidis’ in *Bliainiris* 9: 7-50.

—2010. ‘Ceapadh Chéad Coimisiún Béaloideas Éireann, 1934-1935’ in *Béaloideas* (78): 168 – 186.

—2013. ‘*The Gaelic Story-Teller* and Séamus Ó Duilearga’s Views on the Role and Antiquity of Airneán’ in *Béascna*, Iml. 8: 1-33.

Irish Folklore Commission, 1937. *Irish Folklore and Tradition*. Éire: An Roinn Oideachais.

Lysaght, P.,

—1993. ‘Don’t go without your beaver hat! Seán Ó Súilleabháin in Sweden in 1935’, *Sinsear* 7: 49-59.

—1998. Seán Ó Súilleabháin (1903-1996) and the Irish Folklore Commission. *Western Folklore*, 57(2/3): 137-151.

—2007(a). ‘Folklore Collecting in County Clare: Tadhg Ó Muchú’s Second Visit (1943)’, in *Béaloideas* (75): 106 – 169.

—2007(b). ‘From the Kingdom to the Banner: Tadhg Ó Murchú as a Folklore Collector in Southwest County Clare in 1942,’ in *Dear Far-Voiced Veteran: Essays in Honour of Tom Munnely* (Miltown Malbay, 2007): 113 – 134.

—2002. ‘Caoimhín Ó Danachair / Kevin Danaher (1913-2002)’, in *Béaloideas* (70): 219-226.

—2008. ‘Folk-lore Collecting in County Clare: Tadhg Ó Murchú’s Third Visit (1950), in *Béaloideas* (76): 139 – 192.

—2012. ‘Tadhg Ó Murchú ag bailiú béaloidis i gContae an Chláir sa bhliain 1942’ in Mac Carthaigh, E., agus Uhlich, J., (eag.), 2012. *Féilscríbhinn do Chathal Ó Háinle* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta): 125 – 158.

Ó Cadhain, M., 1950 [1990]. ‘Béaloideas’ in Ó Laighin, S., (eag.) 1990, *Ó Cadhain i bhFeasta*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta.

Ó Cadhla, S. 2011. *An tSlat Féithleoise: Ealaíona an Dúchais 1800-2000*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Duilearga, S.,

—1927. ‘Ó’n bhFear Eagair’, in *Béaloideas* (1): 3-6.

—1928(a). ‘Ó’n Eagarthóir’ in *Béaloideas* (4): 416-8.

—1931. ‘Eagarfhocal’ in *Béaloideas*, 3(1).

- 1942. ‘Irish Stories and Storytellers: Some Reflections and Memories’ in *Studies* (Márta): 31-46. 444.
- 1946. *The Gaelic story-teller. With some notes on Gaelic folk-tales – Proceedings of the British Academy*. Imleabhar XXXI: 177-221.
- 1948. *Leabhar Sheáin Í Chonaill*, Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin Teoranta.
- 1965. ‘Oral Tradition of Thomond’, *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 95, lgh. 133-47.
- 1981. *Leabhar Stiofán Ó Eolaoire*, COBÁC, Comhairle Bhéaloideas Éireann.
- 1999. ‘Irish Tales and Storytellers’ in Alan Dundes (eag.) *International Folkloristics: Classic Contributions by the Founders of Folklore*, Oxford: Rowman & Littlefield, lgh. 177-221.
- Ó Giolláin, D.,
- 1989. ‘An Béaloideas agus an Stát’, *Béaloideas*, Iml. 57 (1989): 151-63.
- 2000. *Locating Irish folklore: Tradition, Modernity, Identity*, Corcaigh: Cork University Press.
- 2005. *An Dúchas agus an Domhan*, Corcaigh: Cork University Press.
- 2012. ‘Ireland’ in *A Companion to Folklore* le Regina F. Bendix (eag.), Galit Hasan-Rokem (eag.), Wiley: Blackwell, lgh. 409-425.
- Ó hEochaidh, S., 1966. ‘An Seanchas Beo’ [1954], in *Feasta* 19, uimh. 3 (Meitheamh, 1966): 7-12.
- Ó Súilleabháin, S.,
- 1937. *Lámhleabhar Béaloideas*. BÁC: An Cumann le Béaloideas Éireann.
- Uí Ógáin, R.
- 1996. ‘Proinnsias de Búrca (1904-1996)’. *Béaloideas*, 64/65.
- 2000. ‘Seán Mac Mathúna (1876 – 1949): Bailitheoir Béaloidis’, in *Béaloideas*, 68: 139-159.
- 2005. ‘Máire Nic Néill (1904–1987): scoláire béaloidis’ in *Léachtaí Cholm Cille* 35: 159-190.
- 2007(a). *Mise an fear ceoil: Séamus Ennis - dialann taistil, 1942-1946 / curtha in eagar ag Ríonach Uí Ógáin*, Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht.
- 2007(b). ‘Máirtín Ó Cadhain agus saol an bhéaloidis’ in Ní Annracháin, M., (eag.) *Saothar Mháirtín Uí Chadhain*, Léachtaí Cholm Cille, 37. Maigh Nuad: An Sagart.
- 2009. *Going to the well for water : The Séamus Ennis field diary*, Corcaigh: Cork University Press.
- 2012. ‘A Small Sum of Mammon: Ceannacht Bhailiúchan Scéalta Mhíchíl Uí Thiománaí’ in Almqvist, B., Mac Cáthaigh, C., Mac Mathúna, L., Mac Mathúna, S., agus Watson, S., (eag.), *Sruthanna an Aigéin Thiar: Aistí ar Sheanchas, ar*

*Litríocht agus ar Theanga. Aistí in onóir do Shéamas Ó Catháin*, BÁC: UCD Press.

Zimmerman, G. 2001: *The Irish Storyteller*, Baile Átha Cliath: Four Courts Press.

**Comhordaitheoir:**      Pádhraic Ó Ciardha

**Teagasc:**      10 rang x 50 nóiméad

**Measúnú:**      Measúnú leanúnach 100%

Pléifear dúshlán na teanga sa tréimhse ó na mórmheáin nua a tháinig chun cinn díreach tar éis ré na hAthbheochana: 2RN go Radio Éireann, *Amharc Éireann*, *Mise Éire* agus iarracht *Ghael Linn* cead an Rialtais a fháil an tseirbhís nua teilifíse a bhunú. Lena chois sin, déanfar plé ar *Telefís Éireann* agus an geall a briseadh. Déanfar luacháil ar an ré órga sin ó Raidió na Gaeltachta go TG4 agus déanfar cíoradh ar an réabhlóid dhigiteach, baol nó deis?

**NG627**      *Eagrú agus Eagarthóireacht*

**5 ECTS**

**Comhordaitheoir:**      Tracey Ní Mhaonaigh

**Teagasc:**                      Obair leanúnach a dhéanfar i gcomhar le comhordaitheoir an mhodúil

**Measúnú:**                      Measúnú leanúnach 100%

Is ar an bhfoilseachán stairiúil Irisleabhar Mhá Nuad a bheidh mic léinn an mhodúil seo ag obair. Tabharfar deis dóibh baint lárnach a bheith acu le téacs a réiteach don chló, agus ábhar á bhailiú, á leagan amach agus á chur in eagar acu. Is i bhfoirm cruinnithe eagarthóireachta a dhéanfar an modúl seo a réachtáil.



**NG627**      *An Scríbhneoireacht Ghairmiúil*

**5 ECTS**

**Comhordaitheoir:**      Pádhraic Ó Ciardha

**Teagasc:**                      10 rang x 50 nóiméad

**Measúnú**                      Measúnú leanúnach 100%

Díreofar ar scileanna na scríbhneoireachta gairmiúla agus leagfar béim ar leith, dá réir sin, ar na riachtanais a bhaineann leis an iriseoireacht, an scríbhneoireacht scrípte agus an scríbhneoireacht léannta. Chuige sin, díreofar ar thascanna praiticiúla scríbhneoireachta d'fhonn taithí a fháil ar an scríbhneoireacht ghairmiúil i chomhthéacsanna éagsúla.

## **ID611 Introduction to Translation Studies (Semester 1)**

**Module co-ordinator: kathleen.m.shields@mu.ie**

2018-19, semester I, Time: Wednesdays 10, Venue: 60 Arts

Why translate?; What is translation?; Who are translators?; Who are translations for?: introduction to the major debates of translation studies; analysis of examples from translated texts; analysis of retranslations of the text in different languages and cultures in answer to these questions. On successful completion of the module, students should be able to:

- discuss some of the major debates in translation studies.
- analyse translations in a language of their choice in relation to these debates.
- write an essay on the topic of translation debates
- write a commentary on a section of translated text
- post-edit a piece of translated text

### **Teaching**

1 hr per week (12 weeks)

### **Assessment:**

Essay: 100%, ca 2000 words ; or a new translation plus commentary on a short text chosen with the approval of the relevant language expert.

### **Strongly recommended**

- Bassnett, Susan, *Translation Studies* (2<sup>nd</sup> ed., London: Routledge, 1991).
- Bellos, David, *Is That a Fish in Your Ear: Translation and the Meaning of Everything* (London: Particular Books, 2011)
- Chesterman, Andrew and Jenny Williams, *The Map: a guide to doing research in translation studies* (Manchester: St Jerome, 2002)
- Haywood, Louise; Thompson, Michael & Hervey, Sandór, *Thinking Spanish Translation. A Course in Translation Method: Spanish to English* (2<sup>nd</sup> ed., London: Routledge, 2009)
- Hervey, Sándor, and Ian Higgins, *Thinking Translation: A course in translation method, French to English* (London: Routledge, 1992)
- Hervey, S., I. Higgins and M. Loughridge, *Thinking German Translation* (London: Routledge, 1995)
- Venuti, Lawrence, ed., *The Translation Studies Reader* (London: Routledge, 2000) [many of the authors here exist in full versions in the library]

### **Further Reading (many more works at 814 in library)**

- Berman, Antoine, *L'Épreuve de l'étranger: culture et traduction dans l'Allemagne romantique* (Paris: Gallimard, 1984) [excerpts exist in English in Venuti, see below]
  - Cronin, Michael, *Translating Ireland* (Cork: Cork U.P., 1996) [this is particularly useful for students working in the Irish language]
  - Cronin, Michael, *Translation and Globalization* (London: Routledge, 2003)
  - de Brún, Sorcha, 'Dracula agus Seán Ó Cuirrín, Cuid 1: Ceisteanna cóirithe, téacsacha agus teanga', in *Bliainiris* 7, 166-203, Ruairí Ó hUiginn agus Liam Mac Cóil (eag.) (Contae na Mí: Carbad, 2007)
  - de Brún, Sorcha, 'Dracula agus Seán Ó Cuirrín, Cuid 2: Móitifeanna agus Miotas', in *Bliainiris* 9, 112-152, Ruairí Ó hUiginn agus Liam Mac Cóil (eag.), (Contae na Mí: Carbad, 2009)
  - Delisle, Jean, and Judith Woodsworth, eds., *Translators Through History* (Amsterdam: Benjamins, 1995)
  - Dillon, Charlie agus Ní Fhrighil, Ríona (eag.), *Aistriú Éireann*, Belfast Studies in Language, Culture and Politics (Béal Féirste: Cló Ollscoil na Banríona, 2008)
  - Gentzler, Edwin, *Contemporary Translation Theories* (London: Routledge, 1993)
  - Honig, H.G. & P. Kufimaul, *Strategie der Übersetzung: ein Lehr- und Arbeitsbuch* (Tübingen: Günter Narr, 1991)
  - Kiberd, Declan, *Irish Classics* (London: Granta, 2006)
  - Lefevere, André, ed., *Translation/History/Culture: a sourcebook* (London: Routledge, 1992)
  - Lefevere, André, *Translating Literature: Practice & Theory in a Comparative Literature Context* (New York: The Modern Language Association of America, 1992)
  - McCormack, W.J. 'Irish Gothic and after' in Séamus Deane (ed). *The Field Day Anthology of Irish writing* 2 (Derry: Field Day Publications, 1991) 831-949
- Meta* [translation studies journal available on internet] [www.erudit.org/en/revue/meta/](http://www.erudit.org/en/revue/meta/)
- Munday, Jeremy, *Introducing Translation Studies. Theories and Applications* (London: Routledge, 2001)
  - Robinson, Douglas, *Translation and Empire: Postcolonial Theories Explained* (Manchester: St Jerome, 1997)
  - Schulte, Rainer, and Biguenet, John, *Theories of Translation. An Anthology of Essays from Dryden to Derrida* (Chicago: The University of Chicago Press, 1992)
  - Tymoczko, Maria, *Translation in a Postcolonial Context* (Manchester: St Jerome, 1999)
  - Venuti, Lawrence, *The Translator's Invisibility: A History of Translation* (London, Routledge, 1995)

**See Moodle site for works on translation by members of the French, German, Irish and Spanish departments at NUIM and for links to websites and articles**

